

An tAonad um Fhaireachán, Anailís, Taighde agus Páirtithe Leasmhara (MARS):

Déanann **an tAonad Fhaireacháin, Anailíse, Taighde agus Geallsealbhóirí (MARS)** faireachán ar an gcóras iarnróid agus ar a chomhlachtaí agus déanann sé idirchaidreamh le geallsealbhóirí seachtracha Eorpacha, lena n-áirítear institiúidí taighde agus comhpháirtithe idirnáisiúnta. Déantar na hanailísí, na staidéir agus na tuarascálacha atá bunaithe ar fhíricí a dháileadh go himmheánach agus go seachtrach araon chun cinnteoireacht fhíorasach a chumasú do pháirtithe leasmhara, don Ghníomhaireacht agus don Choimisiún Eorpach. Baineann an tAonad leas as gach modh agus gach bealach le haghaidh cumarsáid sheachtrach. Thairis sin, déanann an tAonad MARS bainistiú ar chomhdhálacha agus ar ionad oiliúna na Gníomhaireachta chun an t-eolas iarnróid a scaipeadh go forleathan.

Go sonrach, tá an tAonad MARS gníomhach sna réimsí seo a leanas:

- › **Faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí iarnróid:** faireachán a dhéanamh ar Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta (NSAnna) agus ar Chomhlachtaí dá dtugtar fógra (NoBonna) trí iniúchtaí agus trí chigireachtaí, agus ar Chomhlachtaí Náisiúnta um Imscrúdú (NIBanna) trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas athbhreithnithe piaraí;
- › **Anailís agus measúnú eacnamaíoch:** tacaíocht anailíseach ar fud na Gníomhaireachta agus i measc a cuid geallsealbhóirí chun fianaise oibiachtúil inchreidte a chur ar fáil don chinnteoireacht. Cumhdaítear leis sin, go háirithe, measúnuithe tionchair ex-post agus ex ante, faireachán agus tuairisciú (reachtúil) ar an gcóras iarnróid, staidéir spriocdhírithe agus anailísí sonraí;
- › **Taighde:** gníomhaíochtaí taighde iarnróid a chomhordú chun tacú le dul chun cinn teicniúil an Limistéir Eorpaigh Aonair Iarnróid;
- › **Caidreamh le páirtithe leasmhara, Acadamh agus Cumarsáid (SAC):** comhar le páirtithe leasmhara laistigh agus lasmuigh de AE, na Líonraí foirmiúla do gheallsealbhóirí AE (NSAnna, NIBanna agus comhlachtaí ionadaíocha) a reáchtáil, cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, lena n-áirítear foilseacháin institiúideacha, caidreamh leis an bpreas, agus láithreacht ar an ngréasán agus ar na meáin shóisialta. Eagraíonn Acadamh ERA imeachtaí, oiliúint agus comhdhálacha na Gníomhaireachta, agus forbraíonn sé an Mol Eolais nua agus cuireann sé oideachas iarnróid níos tiomnaithe chun cinn san Eoraip.